

## Nósanna Imeachta um Bainistiú Líomhaintí nó Amhras i leith Mí-Úsáid Leanaí i gcoinne Múinteoirí agus Fostaithe Eile

Leagan: 2 / 10.2023

An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbainistíochta BOOÁCDL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023

An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é:

16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú: Leitrim Murphy (CEO)

Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁCDL

TÁ / NÍL

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasán BOOÁCDL: TÁ / NÍL

Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Uimh. an Bheartais:	PL/003	Uimhir an Leagáin	2 / 10.2023
Leaganacha roimhe seo:	v1.3 26/2/18	Le hÉifeacht ón:	9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord:	16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta an Athbhreithnithe:	9ú Deireadh Fómhair 2025

## **Nósanna Imeachta um Bainistiú Líomhaintí nó Amhras i leith Mí-Úsáid Leanaí i gcoinne Múinteoirí agus Fostaithe Eile**

Tá múinteoirí agus foireann tacaíochta scoile go mór i mbaol líomhaintí mí-úsáide ó dhaltaí nó óna dtuismitheoirí. D'fhéadfadh líomhaintí den sórt sin a bheith bréagach nó gan bhunús, nó d'fhéadfaidís a bheith fíor. Dá bhrí sin, is den ríthábhacht go mbeadh intinn oscailte ag gach duine a dhéanann plé le líomhaintí den sórt sin.

Nuair a dhéantar líomhain faoi mhí-úsáid leanaí (de réir mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí, 2017 - faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus mí-úsáid ghnéasach) i gcoinne fostai scoile sa chomhthéacs seo, áirítear le fostai oibrí deonach gan phá chomh maith.

Cé gurb í cosaint leanaí agus cosaint a sábháilteachta agus folláine an tosaíocht is mó, tá dualgas cúraim ar BOOÁCDL i leith a chuid fostaithe freisin. Déileálfar chomh tapa agus is féidir le haon líomhain/amhras faoi mhí-úsáid leanaí a dhéanfar i gcoinne múinteora nó ball foirne nó oibrí deonach i scoil, agus déanfar amhlaidh ar bhealach cothrom, comhsheasmhach a thabharfaidh cosaint éifeachtach don leanbh agus a thacóidh leis an duine is ábhar don líomhain ag an am céanna.

Leanfar dhá nós imeachta le déileáil le líomhaintí/amhras. Caithfear na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm go ciallmhar stuama:

- (1) An nós imeachta i leith na líomhna/an amhrais a thuairisciú do Tusla;  
agus
- (2) An nós imeachta i leith déileáil leis an bhfostai.

Go ginearálta, ní bheidh an duine céanna freagrach as déileáil le: (1) na saincheisteanna tuairiscithe agus (2) na saincheisteanna fostaiochta.

- Beidh an duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) freagrach as an ábhar a thuairisciú do Tusla, agus
- Is é BOOÁCDL a bheidh freagrach as na saincheisteanna fostaiochta.

I gcás go mbainfidh líomhain/amhras leis an DIA, glacfaidh BOOÁCDL freagracht as comhairle a lorg ó Tusla agus as an ábhar a thuairisciú do Tusla.

Is tábhactaí ná aon rud eile a chinntí nach bhfágfar an leanbh i mbaol gan ghá. Cinnteoidh BOOÁCDL, mar bheart práinne, go ndéanfar aon bhearta cosanta is gá, lena n-áirítear i gcás gurb ann do riachtanas práinneach maidir le cumhdach leanaí,

trína Phrótacall lena nÚdaraítéar Beart Láithreach a chur i bhfeidhm. Is é an príomh-threoirphrionsabal a chuireann bonn eolais faoin bprótacal seo agus faoina chur i bhfeidhm ná cosaint agus leas leanáí.

*Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur bearta réamhchúramacha iad na bearta faoin bprótacal, ní bearta araónachta.*

Cuirfear in iúl do Tusla cibé acu an bhfuil an fostai curtha go foirmiúil ar shaoire riacháin nó ar socraíodh gan an fostai a chur ar shaoire riacháin; Cuirfear Tusla ar an eolas faoina bearta malartacha cumhdaigh leanáí a bheidh curtha i bhfeidhm.

Beidh aon bheart a dhéanfaidh BOOÁCDL i gcomhréir, de réir mar is infheidhme, leis na forálacha ábhartha den reachtaíocht fostáiochta agus leis na nósanna imeachta araónachta ábhartha. Cuirfear prionsabail an cheartais aiceanta agus na nósanna imeachta cothroma i bhfeidhm.

## **1. An nós imeachta i gcás go ndéanfar líomhain/amhras faoi mhí-úsáid leanáí i gcoinne fostai scoile**

Mar phrionsabal ginearálta, moltar go lorgódh DIAnna comhairle cothrom le dáta ó fhoireann ardbhainistíochta an BOO agus ó Tusla d'fhoí a chinntíú go ndéanfar an beart ceart.

- 1.1 A luaithe a bheidh an nochtadh déanta, tosóidh an DIA ag gníomhú láithreach bonn de réir na nósanna imeachta tuairiscithe. Déanfaidh an duine a ndéanfar an nochtadh leis nó léi taifead i scribhinn air a luaithe a bheidh indéanta.
- 1.2 I gcás go bhfaighidh fostai scoile eile, seachas an DIA, líomhaintí faoi mhí-úsáid i gcoinne fostai scoile eile, déanfaidh sé nó sí an t-ábhar a thuairisciú don DIA láithreach bonn.
- 1.3 I gcás go mbainfidh an líomhain leis an DIA, tuairisceofar an t-ábhar don Phriomhfheidhmeannach (PF) agus glacfaidh sé nó sí an ról a bhíonn ag an DIA de ghnáth.
- 1.4 Fostaithe scoile a dtiocfaidh amhras orthu maidir le hiompar fostai eile, rachaidh siad i gcomhairle leis an DIA. Má bhíonn an DIA sásta go bhfuil forais réasúnacha ann, tuairisceoidh sé nó sí an t-ábhar do Tusla láithreach bonn. Cuirfear tuairisc faoi bhráid Tusla mar thuairisc shainordaithe nó mar chomhthuairisc shainordaithe.
- 1.5 Beag beann ar cibé acu an ndéanfar an t-ábhar a thuairisciú do Tusla nó nach ndéanfar, cuirfidh an DIA BOOÁCDL ar an eolas faoin líomhain mhí-úsáide i gcoinne fostai scoile.

***Ceisteanna Tosaigh***

Nuair a ardófar líomhain/ní is údar imní, ba cheart don DIA teagmháil a dhéanamh láithreach le Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna an BOO.

**Bearta le comhaontú:**

- Cén fhaisnéis bhreise atá ag teastáil?
- An gá aon bheart láithreach a dhéanamh chun daltaí a chosaint?
- Cathain ba cheart na tuismitheoirí a chur ar an eolas agus céard ba cheart a rá leo?
- Céard ba cheart a rá leis an duine fásta a ndearnadh an líomhain ina c(h)oinne?
- An gá an ball foirne a chur ar shaoire riarrachán?
  - Níor cheart go mbeadh saoire riarrachán ina gnáthfhreagairt ina leithéid de chásanna

**Torthaí féideartha ar an bplé tosaigh:**

- Atreorú chuig Tusla
- Atreorú chuig na Gardaí i gcomhair imscrúdú
- Gan é a atreorú chuig Tusla agus/nó na Gardaí.

Tar éis dul i gcomhairle leis an BOO/Tusla, ba cheart an duine a ndearnadh an líomhain ina c(h)oinne a chur ar an eolas fúithi. Ba cheart an méid faisnéise a thabharfar don té a chomhaontú le Tusla roimh ré – d'fhéadfadh sé nach dtabharfaí ach an t-íosmhéid faisnéise dó nó di (i gcás go mbeidh an cás á mheas ag Tusla/á imscrúdú ag na Gardaí), go dtabharfaí an fhaisnéis ar fad dó nó di (má rinneadh an cinneadh gan an cás a atreorú), nó go dtabharfaí méid áirithe faisnéise idir eatarthu dó nó di. Ba cheart an duine a chur ar an eolas faoi na bearta is dócha a dhéanfar. Ba cheart moladh dó nó di teagmháil a dhéanamh lena (h)ionadaí ceardchumainn agus ba cheart na tacaíochtaí atá ar fáil faoin gClár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur ar fáil dó nó di.

## 2. An nós imeachta i leith déileáil leis an bhfostaí

Tá dualgas cúraim ar BOOÁCDL i leith a chuid fostaithe agus gníomhóidh sé d'fhonn an strus a théann leis an bpróiseas um dhéileáil le líomhaintí a bhainistiú agus a íoslaghcdú. Caithfear tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá i gceist chun an dualgas seo a chomhlíonadh.

- Cuirfear an fostai ar an eolas fao i aon ní is údar imní nó líomhain a bainfidh leis nór léi a luaithe is féidir agus tabharfar míniú dó nó di ar an mbeart is dócha a dhéanfar, ach amháin má chuireann Tusla nór na Gardaí ina choinne sin.
- Ba cheart an fostai a chur ar an eolas freisin faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi Chlár Cúnaimh an BOO d'Fhostaithe.
- Déanfar gach iarracht cásanna a thabhairt chun réitigh chomh tapa agus is féidir. Caithfear go cóir cothrom le daoine aonair agus ní dhéanfar

breithiúnas orthu roimh phróiseas iomlán cóir, a bheidh i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha.

Déanfaidh BOOÁCDL gach iarracht rúndacht a choinneáil i gcónai fad is a bheidh líomhain á himscrúdú nó á meas. Ní nochtfar céannacht daoine aonair, seachas mar a éiltear faoi na nósanna imeachta tuairiscithe.

- 2.1 Déanfaidh an BOO socrú chun an fostáí a chur ar an eolas go príobháideach go ndearnadh líomhain ina c(h)oinne, faoi chineál na líomhna agus cibé acu ar tuairiscíodh an líomhain do Tusla nó nár tuairiscíodh.
- 2.2 Nuair a bheidh an t-ábhar curtha in iúl do Tusla, tabharfar an deis don fhostáí freagra i scríbhinn a thabhairt ar an líomhain don BOO laistigh de thréimhse shonraithe. Seolfar an freagra i scríbhinn chuig Tusla freisin.
- 2.3 Gheobhaidh an BOO comhairle dlí i dtaobh cibé acu ar cheart leanúint ar aghaidh le himeachtaí araíonachta nó iad a chur siar go dtí go mbeidh measúnú Tusla/imscrúdú an Gharda Síochána curtha i gcrích, más bainteach.
  - Is é an PF a dhéanfaidh an cinneadh cibé acu ar cheart nó nár cheart dul ar aghaidh le himeachtaí araíonachta i bhfianaise na comhairle sin.
  - Maidir leis an gcinneadh chun imeachtaí araíonachta a chur siar go dtí go bhfaighfear toradh aon mheasúnaithe a dhéanfaidh Tusla, cuirfear an cinneadh sin, mar aon leis na cúiseanna leis, in iúl don fhostáí.
  - Sa teachtaireacht chumarsáide, cuirfidh an BOO in iúl go soiléir (a) go gcoimeádfaидh sé an ceart aige féin leanúint ar aghaidh leis na himeachtaí araíonachta ag tráth níos déanaí nó a luithe a bheidh measúnú Tusla/imscrúdú an Gharda Síochána curtha i gcrích beag beann ar thoradh an mheasúnaithe/an imscrúdaithe sin, agus (b) go bhféadfaidh BOOÁCDL aird a thabhairt ar thoradh aon mheasúnaithe/imscrúdaithe den sórt sin agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le cén beart araíonachta, más ann, a bheidh le déanamh.
- 2.4 I gcás go ndéanfar cinneadh imeachtaí araíonachta a chur siar go dtí go bhfaighfear toradh mheasúnú Tusla agus/nó imscrúdú an Gharda Síochána, coimeádfar an fostáí ar an eolas faoi dhul chun cinn an cháis a oiread agus is féidir.
- 2.5 Is faoi rún daingean a dhéanfar plé le haon bheart a dhéanfaidh BOOÁCDL, lena n-áirítear imeachtaí araíonachta. Cloífidh BOOÁCDL le prionsabail na próise cuí, na nósanna imeachta cothroma agus an cheartais aiceanta.
- 2.6 Beidh aon bheart araíonachta a dhéanfar ag teacht leis na nósanna imeachta araíonachta bunaithe agus ní dhéanfar é ach amháin tar éis dul i gcomhairle le Tusla agus leis an nGarda Síochána, más bainteach.

- 2.7 Cé go mbeidh sé de cheart ag BOOÁCDL a imscrúdú araíonachta féin a dhéanamh neamhspleách ar aon mheasúnú a dhéanfaidh Tusla nó ar aon imscrúdú a dhéanfaidh an Garda Síochána, cinnteoidh an BOO nach mbainfidh bearta den sórt sin d'aon mheasúnú/imscrúdú a bheidh á dhéanamh ag Tusla nó ag an nGarda Síochána agus nach gcuirfidh ó rath é.

## An Prótacal um Chosaint Leanaí lena nÚdaraítear Beart Láithreach

Údaraítear leis an bprótacal seo a leanas beart láithreach faoi alt 7.2 de na ‘Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017’.

### Iar-bhunscoileanna agus bunscoileanna faoi phátrúnacht BOO

- (A) I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, i gcás gur cheart déanamh amhlaidh de bharr na n-imthosca, mar bheart réamhchúraim riachtanach d’fhoinn na leanaí sa scoil a chosaint, tá príomhoide na scoile údaraithe ag údarás bainistíochta na scoile ordú a thabhairt d’fhostaí imeacht láithreach ón scoil gan aon phá a chailleadh go dtí go mbeidh an t-ábhar breithnithe ag an bhfostóir. Tá sé an-tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cheart do na bearta a dhéanfar faoin bprótacal seo a bheith ina mbearta réamhchúramacha, ní bearta araíonachta. Beart eatramhach a bheidh in aon bheart a dhéanfar faoin bprótacal seo go dtí go mbeidh deis ag an bhfostóir an cás a mheas tuilleadh.

Larrfar ar an bhfostáí freastal ar chruinniú leis an bpriomhoide, cruinniú arb é is aidhm leis ná an fostáí a chur ar an eolas faoin líomhain agus faoin mbeart atá á dhéanamh. Beidh sé de cheart ag an bhfostáí iarrайдh ar dhuine iomchuí dá rogha féin a bheith in éineacht leis nó léi ag an gcrúinniú, rud a chuirfear in iúl dó roimh ré.

Cuirfear an fostáí ar an eolas faoin ábhar i scríbhinn ar aon chaoi.

Déanfaidh an príomhoide taifead den chruinniú agus coinneofar an taifead sin sa cháschomhad ábhartha.

- (B) I gcás scoil nó coláiste atá faoi choimirce an BOO, is é Príomhfheidhmeannach an BOO nó duine a bhfuil an t-údarás sin tarmligthe dó nó di a dhéanfaidh an cinneadh fostáí a chur as láthair sna himthosca a leagtar amach in (A) thusa.

Uimh. Bheatais: PL/003	Uimh. an Leagain:	v1.3 26/2/18
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le hÉifeacht ón:
Faofa/Fordhearnbaithé 19/11/2018	ag an mBord	07/11/2018 Dáta Athbhreithnithe: 06/11/2020

